



## Sonraí Poist

<b>Coláiste</b>	Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD
<b>Scoil</b>	Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD
<b>Teideal an Phoist</b>	Eagarthóir/RiarthóirTionscadal Taighde
<b>Tréimhse an Phoist</b>	Conradh dhá bhliain
<b>Tuairscíonn do</b>	Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann, ar son Cheannna Scoile
<b>Tagairt HR Uimh.</b>	006975
<b>RiarthóirHR</b>	Sarah Dunne

### Achoimre ar an bPost

Fáilteofar roimh iarratais ar an bpost thuasluaite i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le hiarchéim ollscoile i nGaeilge nó a mhacsamhail. Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide an tionscadail agus dá réir sin tá ardleibhéal scileanna sa Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa, bunriachtanach sa phost seo. Tá scileanna maithe i dteicneolaíocht na faisnéise riachtanach freisin, chomh maith le heolas ar léann an bhéaloidis. Bheadh taithí bliana lánaimseartha ar a laghad i bpost riaracháin ina bhuntáiste. Deis mhaith í seo do dhuine tionscantach féinspreagtha.

**Raon Tuarastail:** €30,000 - €35,000 in aghaidh na bliana  
Pointe ar an raon sin de réir cáilíochtaí agus taithí.

### Príomhchúraimí agus Príomhdualgais

Cuimseoidh cúraimí an duine a cheapfar na nithe seo a leanas, ach ní gá go mbeidís teoranta dóibh:

#### Dualgais:

- Treoirínte eagarthóireachta a réiteach agus a chur i bhfeidhm don tionscadal
- Bainistiú, comhordú agus deimhniú shaothar na foirne eagarthóireachta
- Ullmhúchán tuairiscí ráithiúla ar an dtionscadal
- Bainistiú a dhéanamh ar scanadh lámhscríbhinní – iad a réiteach le haghaidh seachadadh agus bailiú
- Iniúchadh a dhéanamh ar íomhánna na lámhscríbhinní agus iad a íoslódáil chuig an bhfreastalaí
- Ceardlanna agus seisiúin oiliúna a reachtáil agus a theagasc do earcaigh nua sa tionscadal
- Ábhar margaíochta, poiblíochta agus eolais a ullmhú don tionscadal
- Plé le hiarrataisí agus fiosrúcháin ón bpobal

---

### **Critéir Roghnaithe**

Tugann critéir roghnaithe breac-chuntas ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a chaithfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi a thaispeáint chun gurbh fhéidir leis/léi freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh. Déanfar measúnú ar iarratais ar bhonn a fheabhas a shásaíonn siad na critéir seo.

#### Critéir Riachtanacha

- Iarchéim sa Ghaeilge nó a comhionann
- Ardleibhéal scileanna sa Ghaeilge – scríobh, labhairt agus taithí eagarthóireachta go háirithe maidir le caighdeánú agus normálú
- Ardchumas riaracháin
- Scileanna i dteicneolaíocht na faisnéise agus le bunachar sonraí
- Cumas comhoibriú le foireann an tionscadail agus plé leis an bpobal i gcoitinne
- Tuiscint ar léann an Bhéaloidis

#### Critéir Inmhianaithe

- Taithí bliana riaracháin

## **Eolas Breise le haghaidh Iarrthóirí**

### **Faisnéis Fhorlíontach**

An Ollscoil:	<a href="http://www.ucd.ie/aboutucd.htm">http://www.ucd.ie/aboutucd.htm</a>
An Coláiste/Aonad Riaracháin:	<a href="http://www.ucd.ie/artsceltic">http://www.ucd.ie/artsceltic</a>
An Scoil/ Oifig Chláir/Aonad:	<a href="http://www.ucd.ie/icsifl/index.html">http://www.ucd.ie/icsifl/index.html</a>
Eile (Luaigh le do thoil):	<a href="http://www.ucd.ie/irishfolklore/ga/">http://www.ucd.ie/irishfolklore/ga/</a>

### **Costais Athlonnaithe**

- Ní bheidh i bhfeidhm